



An
Bord
Pleanála

Conas Tuairim a Thabhairt ar Achomharc Pleanála

Nollaig 2020



Maidir leis an treoir seo

Gheobhaidh tú eolas sa treoir seo ar an tslí le tuairim a thabhairt ar achomharc bailí pleanála. Is féidir leat do thuairim a chur chugainn ar an bhFoirm chun Tuairim a Thabhairt ar Achomharc Pleanála. Gheobhaidh tú an fhoirm ar ár suíomh gréasáin www.pleanala.ie nó ó oifig An Bhoird Pleanála. Is féidir tuairim i scríbhinn a chur chugainn i gcónaí.

Is mar eolas ginearálta agus áis chúnaimh amháin a fhoilsítear an treoir seo. Ní léirmhíniú dlíthiúil ar an reachtaíocht é. Ní mór do léitheoirí na forálacha reachtúla a cheadú maidir lena gcás áirithe féin agus sainchomhairle dlí a fháil más gá.

Cosaint Sonraí

Ní úsáideann an Bord Pleanála do shonraí pearsanta ach amháin chun ár seirbhísí a sholáthar agus ár ndualgais dlíthiúla a chomhlíonadh. Scaipfear aon sonraí pearsanta a chuireann tú ar fáil dúinn ar pháirtithe ábhartha eile agus cuirfear ar fáil san fhearann poiblí iad mar gheall ar cheist ar bith a chuirtear faoi bhráid an Bhoird Pleanála.

Gheofar ár ráitis iomlána beartais ar Chosaint Sonraí le léamh ag www.pleanala.ie.

Clár

Maidir leis an treoir seo	2
Clár	3
Téarmaí	4
Cad is tuairim ann?	8
Cé ar féidir leo tuairim a thabhairt?	8
Conas tuairim a thabhairt	9
Conas a thugaim mo thuairim?	9
Cá mhéad ama atá agam le tuairim a thabhairt?	9
Cá mhéad a chosnaíonn sé tuairim a thabhairt?	10
Conas is féidir liom íoc as tuairim a thabhairt?	10
Cad a chaithfear a chur ar fáil i mo thuairim?	11
Cad é an seoladh don tuairim?	12
An bhfaighidh mé admháil má thugaim an tuairim do dhuine san oifig?.....	12
An bhfaighidh mé admháil má seolaim an tuairim leis an bpost?	12
An féidir liom éisteacht ó bhéal a iarraidh?.....	12
Tar éis do thuairim a thabhairt.....	13
An bhfuil mo thuairim bailí nó neamhbhailí?.....	13
Céard é an chéad rud eile a dhéanaim más tuairim bhailí í?	13
Cad a tharlaíonn i gcás tuairim neamhbhailí?	13
Cén fáth gur tuairim neamhbhailí í mo thuairim?.....	14
Cad é an chéad rud eile a dhéanann an Bord Pleanála?	14
Cad é an teorainn ama chun achomharc a chinneadh?	14
An féidir liom mo thuairim a aistarraingt?	14
Tá an t-iarratas nó na hachomhairc sa chás aistarraingthe. An gcuirfidh an Bord mo thuairim san áireamh i gcónaí?	14
Ceisteanna Coitianta.....	15
Reachtaíocht.....	18
Déan teagmháil linn	18

Téarmaí

Téarmaí a úsáidtear sa treoir seo:

Admháil	Admháil a eisíonn údarás pleanála duit le taispeáint go bhfuil aighneacht curtha agat chuig an údarás pleanála sin.
Acht	Dlí atá achtaithe ag an Oireachtas (parlaimint) agus ceadaithe ag an Uachtarán.
Gníomhaire	Duine a ghníomhaíonn ar do shon in achomharc, iarratas nó tarchur.
Achomharc	Athbhreithniú ar an gcinneadh bunaidh a rinne údarás pleanála ar iarratas pleanála.
Achomharcóir	Duine aonair nó eagraíocht a dhéanann achomharc (Féach, leis, Céad Pháirtí, Tríú Páirtí).
Iarratasóir	Duine aonair nó eagraíocht a chuireann iarratas pleanála isteach chuig údarás pleanála. (Féach Céad Pháirtí , leis)
Bord	Bord an Bhoird Pleanála.
Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta (TMTT)	Cáipéis a ullmhaíonn iarratasóir ina ndéantar measúnú ar an tionchar is dócha a bheidh ag an fhorbairt bheartaithe ar an gcomhshaol.
Céad pháirtí	An té a iarrann cead pleanála maidir le forbairt bheartaithe.(Féach Iarratasóir , leis).
Cigire	Ball den fhoireann theicniúil a dhéanann cigireachtaí suímh, a ullmhaíonn tuarascáil ar an gcás pleanála agus a dhéanann moladh don Bhord chun cead a thabhairt nó dhiúltú.

Neamhbhailí	Ní chomhlíonann sé ceanglais uile an dlí agus na rialachán le go mbreithneofaí mar chás é.
Cead achomhairc	<p>Ag iarraidh cead ar an mBord chun achomharc a dhéanamh nuair a chomhlíontar gach ceann de na ceithre chúis:</p> <ol style="list-style-type: none"> 1. Níor chuir tú aighneacht chuig an údarás pleanála maidir le hiarratas pleanála. 2. Cheadaigh an t-údarás pleanála an t-iarratas pleanála sin. Athróidh coinníoll nó coinníollacha ag gabháil le deonú an cheada cuid den fhorbairt bheartaithe ón rud a bhí beartaithe a chéaduair san iarratas pleanála. 3. De bharr coinníll nó coinníollacha atá ag gabháil leis an deonú ceada anois, beidh tionchar ar an bhforbairt bheartaithe anois ar thalamh: <ol style="list-style-type: none"> 1. a bhfuil leas agat ann; agus 2. atá tadhlach (taobh le nó ceangailte den) suíomh forbartha beartaithe. 4. Is é an tionchar go bhféadfadh sé: <ol style="list-style-type: none"> 1. cur isteach ar theachtadh na talún ar do thaobhsa, nó 2. luach na talún a bhfuil leas agat ann a laghdú, nó 3. cur isteach ar theachtadh na talún ó do thaobhsa agus luach na talún a laghdú.
Tuairim	Doiciméad a chuireann Breathnóir isteach (féach Aighneacht , leis).

Breathnóir (Achomhairc)	Duine ar bith, taobh amuigh den iarratasóir nó den achomharcóir, a thráchtann ar achomharc (féach Tuairim , leis).
Éisteacht ó bhéal	Cruinniú is ea éisteacht ó bhéal chun gur féidir ceisteanna ábhatha i gcás a phlé agus a scrúdú.
Údarás pleanála	An t-údarás áitiúil – comhairle contae, comhairle cathrach, nó comhairle contae agus cathrach – atá freagrach as pleanáil ina cheantar.
Rialacháin	Dlí nó rialacha a rinneadh faoi Acht nó uaireanta faoi ordú aire rialtais.
Reachtúil	Rud éigin a shocraítear, a bhunaítear nó a rialaítear le dlí reachtach. Dlí a achtaíonn an pharlaimint is ea an dlí reachtach.
Riachtanais reachtúla	Riachtanais atá ceangailte faoin dlí le go mbeadh cás bailí.
Aighneacht	Doiciméad maidir le hachomharc nó iarratas a bhféadfadh míreanna tacaíochta ar nós grianghraf, pleananna, líníochtaí agus treoir theicniúil a bheith san áireamh ann. (Is féidir doiciméad clóscríofa nó lámhscríofa a chur ar fáil.)
Tríú páirtí	Duine a achomharcann cinneadh ó údarás áitiúil ar fhorbairt bheartaithe seachas an té a rinne an t-iarratas pleanála bunaidh (Féach Achomharcóir , leis).
Bailí	Comhlíonann sé ceanglais uile an dlí agus na rialachán le go mbreithneofaí mar chás é.

Muidne, ár, sinne	An Bord Pleanála.
Tusa	Tusa mar dhuine, cuideachta, grúpa, eagraíocht nó údarás Stáit.

Cad is tuairim ann?

Is ionann tuairim agus do dhearcadh a thabhairt ar achomharc bailí chuig an mBord Pleanála.



Cad is achomharc ann?

I gcoitinne, ní mór do dhuine ar bith ar mian léi nó leis forbairt a dhéanamh iarratas a dhéanamh ar chead pleanála chuig a gcomhairle contae, a gcomhairle cathrach nó a gcomhairle cathrach agus contae (an t-údarás pleanála). Déanfaidh an **t-údarás pleanála** cinneadh ar an iarratas cead pleanála a dheonú nó a dhiúltú. Is féidir an cinneadh seo a achomharc chuig an mBord Pleanála.

Cé ar féidir leo tuairim a thabhairt?

Féadfaidh duine ar bith tuairim a thabhairt más amhlaidh **nach** rannpháirtí san achomharc iad cheana féin. Ní féidir tuairim a thabhairt ach amháin má tá achomharc bailí déanta ag duine éigin ar chinneadh údaráis pleanála ar iarratas pleanála.

Conas tuairim a thabhairt

Conas a thugaim mo thuairim?

Ní mór duit do thuairim a thabhairt i scríbhinn agus é a chur sa phost nó a thabhairt isteach san oifig chugainn. **Ní féidir tuairim a thabhairt ar líne faoi láthair.** Tá Foirm le haghaidh Tuairim ar Achomharc Pleanála ann le líonadh isteach. Is féidir doiciméad a chlósscríobh nó a lámhscríobh. Mar sin féin, **ní gá** duit an fhoirm seo a líonadh isteach chun tuairim a thabhairt. Is féidir an fhoirm a úsáid **nó** scríobh chugainn.

Cá mhéad ama atá agam le tuairim a thabhairt?

Tá **teorainneacha dochta ama** ann chun tuairimí a thabhairt, ag brath ar an gcás.

- 1. Is mian leat tuairim a thabhairt ar achomharc pleanála atá os comhair an Bhoird Pleanála faoi láthair.**

Is é **ceithre seachtaine** an teorainn ama, ó dháta an achomhairc nó an achomhairc is déanaí.

Sampla

Faigheann an Bord Pleanála an t-achomharc deiridh **Dé hAoine**

5 Aibreán, mar sin is é an **Déardaoin 2 Bealtaine** an lá deiridh

le do thuairim a fháil, roimh 5.30 san iarnóin.

Inniu						
Domh	Luan	Máirt	Céad	Déar	Aoine	Sath
31	1	2	3	4	5	6
7	8	9	10	11	12	13
14	15	16	17	18	19	20
21	22	23	24	25	26	27
28	29	30	1	2	3	4
5	6	7	8	9	10	11
12	13	14	15	16	17	18
19	20	21	22	23	24	25
26	27	28	29	30	31	1
2	3	4	5	6	7	8

- 2. Is mian leat tuairim a thabhairt de bharr fógra poiblí foilsithe ina ndeirt gur iarr agus go bhfuair an Bord Pleanála tuairisc mheasúnú tionchair timpeallachta.**

Is é **cúig seachtaine** an teorainn ama, ó dháta foilsithe an fhógra poiblí.

Sampla

Foilsítear an fógra poiblí **Dé Céadaoin 2 Lúnasa**, mar sin is é **Dé Máirt 5 Meán**

Fómhair an lá deiridh le do thuairim a fháil, roimh 5.30 san iarnóin.

3. Is mian leat tuairim a thabhairt de bhrí gur iarr an Bord Pleanála ar an iarratasóir fógra eile suímh nó nuachtáin a fhoilsiú.

Is é **ceithre seachtaine** an teorainn ama, ón dáta ar a bhfógraítear an fógra suímh nó nuachtáin.

Sampla

Foilsítear an fógra poiblí **Dé hAoine 4 Deireadh Fómhair**, mar sin is é **Déardaoin 31 Deireadh Fómhair** an lá deiridh le do thuairim a fháil, roimh 5.30 san iarnóin.



Inniu						
Domh	Luan	Mairt	Céad	Déar	Aoine	Sath
30	31	1	2	3	4	5
6	7	8	9	10	11	12
13	14	15	16	17	18	19
20	21	22	23	24	25	26
27	28	29	30	31	1	2
3	4	5	6	7	8	9
10	11	12	13	14	15	16
17	18	19	20	21	22	23
24	25	26	27	28	1	2
3	4	5	6	7	8	9

Tá áiritheoir féilire ar ár suíomh gréasáin a chabhróidh leat an dáta deiridh do do thuairim a oibriú amach. Tá rialacha difriúla ann mar gheall teorainneacha ama idir an 24 Nollaig agus 1 Eanáir (agus an dá dháta san áireamh) ar féidir leo difríocht a dhéanamh don dáta deiridh.

Cá mhéad a chosnaíonn sé tuairim a thabhairt?

Caoga euro (€50) a chosnaíonn sé tuairim a thabhairt. **Ní mór** duit féachaint chuige go gcuirtear an táille cheart isteach leis an iarratas. Ní ghearrtar aon táille ar eagraíochtaí áirithe atá leagtha amach sna Rialacháin. Gheobhaidh tú liosta iomlán na n-eagraíochtaí sin inár dTreoir maidir le Táillí agus Muirir.

Conas is féidir liom íoc as tuairim a thabhairt?

Tá modhanna éagsúla ann chun táille a íoc leis an mBord Pleanála.

	Ag an deasc fáiltithe	Leis an bpost
Airgead tirim	✓ Glactar leo	Ní mholtar duit airgead tirim a chur chugainn riamh leis an bpost.
Cártaí Dochair / Creidmheasa*	✓ Glactar leo	✗ Ní ghlactar leo
Seiceanna	✓ Glactar leo	✓ Glactar leo
Dréachtaí baincéara	✓ Glactar leo	✓ Glactar leo
Orduithe Poist	✓ Glactar leo	✓ Glactar leo

*Tabhair ar aird nach nglacaimid le híocaíochtaí cárta creidmheasa nó dochair ar an bhfón.

Gheofar tuilleadh sonraí faoi Tháillí agus Muirir agus conas iad a íoc ar ár suíomh gréasáin.

Cad a chaithfear a chur ar fáil i mo thuairim?

Ba chóir duit forais do thuairime (na cúiseanna agus na hargóintí) agus aon mhír is mian leat a chur ar fáil a ullmhú go cúramach. **Ní bheidh** cead agat aon rud eile a chur isteach tar éis an tuairim a thabhairt, ach amháin má iarraidimid ort. **Ní féidir** leis an mBord Pleanála aon saincheist a chur san áireamh nach saincheist phleanála í.

Chun tuairim iomlán bhailí a thabhairt:

✓	Ní mór duit an tuairim a thabhairt i scríbhinn (clóscríofa nó lámhscríofa)
✓	Ní mór duit d'ainm agus do sheoladh a bheith soiléir. Má tá gníomhaire ag gníomhú ar do shon, ní mór don gníomhaire a (h)ainm agus a s(h)eoladh a thabhairt mar aon le d'ainm agus do sheoladh.
✓	Ní mór duit dóthain mionsonraí a thabhairt le gur féidir an t-iaratas is mian leat a achomharc lena mbaineann an tuairim a aithint gan dua. Seo samplaí de na mionsonraí a nglacaimid leo: <ul style="list-style-type: none">• cóip de chinneadh an údaráis phleanála, nó• ainm an údaráis phleanála agus uimhir thagartha an chláir phleanála (mar shampla:) Comhairle Cathrach Bhaile Crainn, 23719/18), nó• uimhir thagartha an Bhoird Pleanála (mar shampla: ABP-300000-19).
✓	Ní mór duit na nithe seo a leanas a chur ar fáil dúinn: <ul style="list-style-type: none">• na forais phleanála le do thuairim (cúiseanna agus argóintí), agus• aon mhír eile is mian leat a chur leis chun tacú le forais do thuairime.
✓	Ní mór duit an táille €50 a íoc.
✓	Ní mór duit do thuairim a thabhairt in am.

Gheobhaidh tú seicliosta a chabhróidh leat do thuairim a thabhairt ár suíomh gréasáin nó trí theagmháil a dhéanamh linn.

Cad é an seoladh don tuairim?

Ní mór duit:

- é a chur sa phost chuig: An Rúnaí, An Bord Pleanála, 64 Sráid Mhaoilbhríde, Baile Átha Cliath 1, D01 V902



nó

- é a thabhairt do bhall d'fhoireann An Bhoird Pleanála ag ár n-oifigí le linn uaireanta oifige - Ó Luan go hAoine, óna 9.15 ar maidin go dtí a 5.30 tráthnóna. Ní féidir leis an bhfoireann slándála san oifig glacadh le tuairimí.



Ní féidir an tuairim a chur i mbosca litreacha na hoifige **ná** a sheoladh chugainn le ríomhphost; má dhéanann, tuairim **neamhbhailí** a bheidh ann.

Bíonn an oifig dúnta ag an deireadh seachtaine, ar laethanta saoire phoiblí agus ar laethanta fógartha eile amhail Lá Nollag agus Aoine an Chéasta.

An bhfaighidh mé admháil má thugaim an tuairim do dhuine san oifig?

Gheobhaidh. Má thugann tú an tuairim go dtí an oifig is féidir **admháil** a iarraidh, a déarfaidh go bhfuarthas do thuairim san oifig. Nuair a thugann tú do thuairim do bhall d'fhoireann an Bhoird Pleanála, ní féidir é a thabhairt ar ais duit ná fótachóip a dhéanamh de do dhoiciméid agus stampa dáta orthu.

An bhfaighidh mé admháil má seolaim an tuairim leis an bpost?

Is féidir. Gheobhaidh tú admháil uainn sa phost.

An féidir liom éisteacht ó bhéal a iarraidh?

Ní féidir. Má tá tuairim á tabhairt agat, ní féidir éisteacht ó bhéal a iarraidh.

Tar éis do thuairim a thabhairt

An bhfuil mo thuairim bailí nó neamhbhailí?

Tar éis do thuairim a fháil, seiceálfaimid é féachaint an gcomhlíonann na riachtanais reachtúla chun tuairim bhailí a thabhairt. Mura gcomhlíonann, beidh sé neamhbhailí.

An chéad rud eile ná go bhfaighidh tú litir uainn le rá leat:

- go bhfuaireamar do thuairim, agus
- cibé an tuairim bhailí **nó** neamhbhailí í.

Céard é an chéad rud eile a dhéanaim más tuairim bhailí í?

Más tuairim bhailí é, ní gá duit aon rud eile a dhéanamh ag an bpointe seo. Le linn an phróisis achomhairc, is féidir go bhfaighidh tú litir uainn mar gheall ar:

- tuairimí nó tráchtanna a iarrfar ort a thabhairt, b'fhéidir, ar rud éigin atá faighte againn,
- cinneadh an Bhoird éisteacht ó bhéal a thionól,
- mionsonraí na héisteachta ó bhéal
- cathain is dóigh leis an mBord go ndéanfar a chinneadh nuair nach féidir é a dhéanamh laistigh den tréimhse 18 seachtaine.

Má scríobhaimid chugat, iarrtar ort déanamh de réir na dtreoracha nó na comhairle sa litir. Má bhíonn cabhair uait chun déanamh de réir na dtreoracha nó na comhairle, is féidir leat teagmháil a dhéanamh linn. Tabhair uimhir thagartha an cháis achomhairc ar an litir, ionas gur féidir linn do chás a aithint.

Cad a tharlaíonn i gcás tuairim neamhbhailí?

Más tuairim neamhbhailí é, cuirfimid na doiciméid ar ais chugat. Aisíocfaimid do tháille i bhfoirm seic. Ní féidir an tuairim a chur isteach arís ach amháin má chomhlíonann tú gach ceann de na riachtanais.

Cén fáth gur tuairim neamhbhailí í mo thuairim?

Seo cuid de na cúiseanna a mbíonn tuairimí neamhbhailí:

- ní chomhlíonann an tuairim gach ceann de na riachtanais reachtúla a ndéantar cur síos orthu sa treo seo,
- níl aon achomharc bailí ann le tuairim a thabhairt maidir leis.

Cad é an chéad rud eile a dhéanann an Bord Pleanála?

Déantar cuid den chás de do thuairim. Ansin déanfaidh an Bord cinneadh bunaithe ar na doiciméid uile sa chás.

Cad é an teorainn ama chun achomharc a chinneadh?

Tá cuspóir reachtúil ag an mBord cásanna a chinneadh, más féidir, laistigh de 18 seachtaine. Mura féidir leis an mBord cinneadh a dhéanamh laistigh de 18 seachtaine, scríobhfaimid chuig na rannpháirtithe san achomharc chun é sin a chur in iúl dóibh.

Nuair a dhéanann an Bord cinneadh, seolfaimid litir agus cóip d'Ordú an Bhoird chugat chun an cinneadh a chur in iúl duit. Gheofar tuilleadh eolais ar chinneadh an Bhoird ar ár suíomh gréasáin.

An féidir liom mo thuairim a aistarraingt?

Is féidir tuairim a aistarraingt uair ar bith sula ndéantar an cinneadh. **Ní mór** duit scríobh chugainn á rá gur mian leat an tuairim a aistarraingt. Ní aisíocfar do tháille leat.

Tá an t-iarratas nó na hachomhairc sa chás aistarraingthe. An gcuirfidh an Bord mo thuairim san áireamh i gcónaí?

Ní chuirfidh. Má aistarraingíonn an t-iarratasóir a iarratas nó má aistarraingítear gach achomharc i leith an cháis, ní bheidh achomharc bailí ann níos mó. Beidh feidhm le cinneadh bunaidh an údaráis pleanála.

Ceisteanna Coitianta

An féidir an tuairim a chur isteach ar líne?

Ní féidir tuairim a chur isteach ar líne faoi láthair.

An féidir an táille a íoc ar an teileafón le cárta creidmheasa nó dochair?

Ní féidir linn glacadh le híocaíochtaí táille ar an teileafón.

An féidir an tuairim a chur isteach i bhfoirm facs agus an táille a sheoladh leis an bpost?

Ní féidir. Chun tuairim bhailí a thabhairt, ní mór na doiciméid riachtanacha ar fad maille leis an táille cheart a chur isteach le chéile. Ní mór dóibh teacht isteach **le chéile** roimh dheireadh na tréimhse cheithre seachtaine.

An féidir liom tuairim gan ainm a thabhairt?

Ní féidir. Ní mór ainm agus sloinne iomlán a chur ar fáil le tuairim.

An féidir tuairim dhéanach a thabhairt?

Ní féidir. Tá toirmeasc dlí ar an mBord Pleanála glacadh le tuairim dhéanach ar chúis ar bith.

Agus má bhíonn oifig an Bhoird Pleanála dúnta ar an lá deireanach den tréimhse le tuairim a thabhairt?

Más deireadh seachtaine, lá saoire phoiblí nó lá eile ar a mbíonn an oifig dúnta lá deireanach na tréimhse do thuairim, glacfar le do thuairim le linn uaireanta oifige an chéad lá oibre eile a bheidh an oifig ar oscailt. Gheofar tuilleadh sonraí ar ár suíomh gréasáin.

An féidir liom cruthúnas a fháil gur thug mé tuairim?

Is féidir. Má thagann tú chun na hoifige chun an tuairim a thabhairt dúinn, tabharfaimid admháil duit go bhfuarthas do thuairim. **Ní** deimhniú é an admháil seo gur tuairim bhailí í. Is dona linn nach féidir fótachóip a thabhairt duit de do dhoiciméid tuairime agus ár stampa dáta air.

Cén fáth ar tuairim neamhbhailí a bhí ann cé gur cuireadh sa phost in am í?

Is tuairim neamhbhailí í de bhrí nach bhfuaireamar í le linn na tréimhse ceithre seachtaine, cé go bhféadfadh sé gur chuir tú sa phost í in am.

Cad a tharlaíonn i gcás tuairim neamhbhailí?

Más tuairim neamhbhailí é, cuirfimid na doiciméid agus an táille ar ais chugat.

Tá an Bord Pleanála tar éis mo thuairim neamhbhailí a chur ar ais chugam.

An féidir liom an tuairim a chur isteach in athuair?

Is féidir, ach na riachtanais **uile** atá luaite sa treoir seo a bheith comhlíonta.

An féidir an dlí a chur orm as rud a scríobhaim i mo thuairim?

Is féidir. Níor cheart duit tagairt a dhéanamh ach do shaincheisteanna pleanála a bhaineann le hábhar. Gheofar tuilleadh eolais inár bhfógra maidir le haithisiú. Is ionann aithisiú agus ráiteas bréagach a dhéanamh mar gheall ar dhuine éigin eile a mhilleann a dhea-cháil nó a dea-cháil.

An féidir liom eolas breise a chur ar fáil tar éis mo thuairim a thabhairt?

Ní féidir aon eolas breise a thabhairt dúinn tar éis an tuairim a thabhairt. Uaireanta iarraidimid ar dhaoine tuilleadh eolais a chur ar fáil nó freagairt a thabhairt ar aighneacht a rinneadh. Sa chás sin, ba chóir duit an freagra a chur isteach chugainn laistigh den tréimhse a shonróimid.

Conas is féidir liom a fháil amach má rinneadh cinneadh pleanála a achomharc?

Is féidir leat an áis chuardaigh ar ár suíomh gréasáin a sheiceáil féachaint an bhfuaireamar achomharc i leith cinneadh pleanála a gcuireann tú spéis ann. Cuirimid achomhairc nua leis an suíomh gréasáin gach Céadaoin. Tógann sé lá nó dhó breise um Nollaig agus ar laethanta saoire phoiblí.

An féidir liom féachaint ar an achomharc?

Is féidir leat féachaint ar an achomharc ag oifig an údaráis pleanála. Tá sonraí achomhairc ar fáil ar ár suíomh gréasáin. Féadtar go mbeidh moill lae nó dhó ar an bpróiseas seo thart ar na laethanta saoire poiblí agus um Nollaig.

Reachtaíocht

Seo iad na dlíthe agus na rialacháin dár tagraíodh sa doiciméad seo:

- An tAcht um Pleanáil agus Forbairt 2000, (leasaithe),
- Na Rialacháin Pleanála agus Forbartha 2001, (leasaithe).

Déan teagmháil linn

Má tá an doiciméad seo uait i bhformáid eile nó má tá eolas eile uait, déan teagmháil leis an mBord Pleanála.

Buail isteach inár n-oifig ag:	An Bord Pleanála
Scríobh chugainn ag:	64 Sráid Mhaoilbhríde Baile Átha Cliath 1 D01 V902
Cuir glao gutháin orainn ag:	(01) 858 8100 nó Glao áitiúil: 1890 275 175
Ríomhphost:	bord@pleanala.ie
Oscail ár suíomh gréasáin:	www.pleanala.ie
Seol facs chugainn:	(01) 872 2684

An nuashonrú deiridh: Nollaig 2020.